2025/1193

2.7.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1193 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Aibreán 2025

maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2008, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 242/2008, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach [1] ('an Comhaontú'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 18 Aibreán 2008.

(2) Chuaigh an Prótacal roimhe seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in éag an 31 Iúil 2024.

(3) An 4 Márta 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair ('an Cósta Eabhair') d'fhonn Prótacal nua a bhunú maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus mar thoradh uirthi cuireadh inisealacha leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal') an 21 Samhain 2024.

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/1194 ón gComhairle [2], síníodh an Prótacal an 6 Meitheamh 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair agus an ghá atá ann fad an chur isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir.

(7) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas:

(a) 25 bhád saighne tuinníní:

an Spáinn:	14 shoitheach
an Fhrainc:	11 shoitheach;

(b) 7 mbád spiléireachta dromchla:

an Spáinn:	5 shoitheach
an Phortaingéil:	2 shoitheach.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 242/2008 ón gComhairle an 17 Márta 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (IO L 75, 18.3.2008, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/242/oj).

[2] Cinneadh (AE) 2025/1194 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) (IO L, 2025/1194, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1194/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 6 Meitheamh 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Aibreán 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA